Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Aibreán 2020**
**(OR. en)**

**7195/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0051 (COD)**

**WTO 67**
**COWEB 39**
**AGRI 107**
**UD 59**
**TDC 1**
**CODEC 248**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Aibreán 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 135 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 ón gComhairle lena dtugtar isteach bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach i bpróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh nó atá bainteach leis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 135 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 135 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.4.2020
COM(2020) 135 final

2020/0051 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 ón gComhairle lena dtugtar isteach bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach i bpróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh nó atá bainteach leis**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá na bearta trádála uathrialacha (BTUanna) atá beartaithe ar cheann de na hionstraimí chun beartas an Aontais i leith na mBalcán Thiar a chur chun feidhme, beartas a shainmhínítear laistigh den phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais a sheol an Coimisiún Eorpach i mí na Bealtaine 1999. Le linn a cruinnithe i Liospóin an 23 agus an 24 Márta 2000, tháinig an Chomhairle Eorpach ar an gconclúid gur cheart léirscaoileadh trádála neamhshiméadrach a bheith ann sula ndéanfar Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais le páirtithe na mBalcán Thiar. Foráiltear maidir le léirscaoileadh trádála neamhshiméadrach le Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 lena dtugtar isteach bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach sa phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais nó atá bainteach leis, rialachán a bhfuil tréimhse bhailíochta a mhaireann go dtí an 31 Nollaig 2020 aige.

Faoin am seo tá Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais tugtha i gcrích idir an tAontas agus gach páirtí de chuid na mBalcán Thiar lena mbaineann; ba leis an gCosaiv* an ceann deireanach, a tháinig i bhfeidhm an 1 Aibreán 2016.

Ag féachaint do na difríochtaí i raon feidhme na léirscaoilte taraife faoi réir na gcóras conarthach a forbraíodh idir an tAontas agus na rannpháirtithe uile sa phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais agus do na fabhair a dheonaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009, moltar ré feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 a fhadú go dtí an 31 Nollaig 2025.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá an togra comhsheasmhach le tacaíocht leanúnach an Aontais le comhtháthú eacnamaíoch an réigiúin san Aontas de réir a chéile agus leis na próisis aontachais aonair.

Cé go bhfuil an chuid is mó de na fabhair thrádála a deonaíodh do na Balcáin Thiar ar dtús comhtháthaithe ina gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais féin leis an Aontas faoin am seo, fabhair a deonaíodh trí chóras trádála féinrialaitheach, soláthraítear tacaíocht luachmhar don gheilleagar réigiúnach leis na fabhair theoranta a dheonaítear tríd an rialachán sin go fóill. Mar gheall ar na fabhair sin is féidir na dleachta sonracha is gnách a bheith ar thorthaí agus ar ghlasraí a chur ar fionraí agus cuóta fíona iomlán a chur ar fáil tar éis do chuóta fíona náisiúnta na dtíortha faoi seach a bheith ídithe.

Chuir córas na mbeart trádála uathrialach le fairsingiú na trádála comhiomláine idir an tAontas agus na Balcáin Thiar, trádáil a raibh luach breis agus EUR 54 billiún léi in 2018. Is é an tAontas, lena ndéantar níos mó ná 72 % de thrádáil chomhiomlán an réigiúin, an comhpháirtí trádála is mó.

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an togra seo go hiomlán i gcomhréir le Dearbhú Shóifia an 17 Bealtaine 2018, inar thug an tAontas gealltanas a rannpháirtíocht a neartú agus a threisiú ar gach leibhéal chun tacú le claochlú polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta an réigiúin. Tá sé comhsheasmhach le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin nua freisin, a d'athdhearbhaigh dearcadh na hEorpa maidir leis na Balcáin Thiar agus an ról tábhachtach atá aige féin sa phróiseas leanúnach athchóirithe ar fud an réigiúin. Tá sé mar aidhm ag an Aontas Eorpach síochán, cobhsaíocht

* Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

agus forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn sa réigiún agus ionchas le comhtháthú san Aontas a chruthú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an togra.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhréireacht**

Tá sé léirithe go raibh tionchar dearfach ag na bearta atá beartaithe ar na tíortha is tairbhithe trí chur lena bhforbairt eacnamaíoch, go háirithe trí chomhpháirtíochtaí láidre a bhunú idir gnólachtaí an Aontais agus táirgeoirí áitiúla i réigiún na mBalcán Thiar. Meastar, mar sin, gurb é an togra chun na bearta a fhadú ar feadh cúig bliana eile an beart is oiriúnaí chun forbairt eacnamaíoch leanúnach chomhpháirtithe na mBalcán Thiar a áirithiú, fad a seachnaítear próiseas an-fhada agus ilchasta maidir le gach comhaontú déthaobhach trádála aonair a leasú mar chuid de na Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais.

- **An rogha ionstraime**

Le bearta trádála uathrialacha ligtear don Aontas Eorpach – i gcúinsí eisceachtúla – fabhair fhíorshonracha spriocdhírithe a dheonú, fabhair nach ndeonófaí murach sin i gcomhthéacs comhaontaithe saorthrádála toisc go gcruthófaí fasaigh leo nach mbeadh chun leas an Aontais.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

De bharr raon feidhme an-teoranta na mbeart ní dhearnadh aon mheastóireacht *ex post* fhoirmiúil.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Níor tharla aon chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ach tá suim agus athshuim léirithe d'aon toil acu i leanúint de na bearta i measc na bpáirtithe leasmhara agus, san am céanna, ní dhearna oibreoirí eacnamaíocha na hEorpa aon agóid trí na hardáin chumarsáide éagsúla a bhunaigh ranna an Choimisiúin le haghaidh thionscal an Aontais.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Measúnú tionchair**

Leis an mbosca uirlisí um rialáil níos fearr, díolmhaítear go sainráite fadú prótacail reatha le tríú tíortha ó mheasúnuithe tionchair.

Tá na bearta atá beartaithe i bhfeidhm le beagnach fiche bliain, ach tá laghdú mór orthu toisc go ndearnadh an chuid is mó de na fabhair a chomhtháthú sna Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais aonair idir an tAontas agus na tairbhithe. Cé go meastar go bhfuil an tionchar a mheastar a bheith ann i dtéarmaí dleachtanna a chaill an tAontas ríbheag -thart ar EUR 23.5 milliún idir na sé thairbhí le chéile, arna bhunú ar luach iompórtála in 2018- meastar gurb é fadú na mbeart an dóigh is fearr le gealltanas an Aontais i dtaobh lánpháirtiú trádála na mBalcán Thiar a ráthú. Chuideodh sé freisin le cobhsaíocht coinníollacha maidir le rochtain ar an margadh a chinntiú le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha sa réigiún agus san Aontas araon.

Bunaithe ar mheasúnú an Choimisiúin tar éis cuairteanna allamuigh sa réigiún, taispeánadh go dtéann na bearta chun tairbhe líon mór táirgeoirí talmhaíochta beaga agus go bhfuil a lán de na táirgeoirí sin tar éis comhpháirtíochtaí láidre a chruthú le gnólachtaí san Aontas. Mura gcuirfear síneadh le Rialachán 1215/2009 faoi 31 Nollaig 2020, bainfear rochtain ar an margadh léirscaoilte sin go sealadach de na Balcáin Thiar, margadh le haghaidh príomhtháirgí talmhaíochta (torthaí agus glasraí) atá ríthábhachtach le haghaidh an réigiúin íogair sin.

Ba cheart go ndéanfadh an tAontas gach iarracht gan ligean don mhéid a tharla in 2010 tarlú in athuair, tráth nach bhféadfaí vótáil ar son an fhadaithe in am agus a cruthaíodh suaitheadh tromchúiseach i margaí talmhaíochta na mBalcán Thiar dá dheasca. Níor cheart do chur i bhfeidhm cúlghabhálach le haghaidh aisghabháil dleachtanna custaim a bheith ina athshocrú, óir tá sé casta, baineann a lán rómhaorlathais leis agus tógann sé na míonna sula n-aisíoctar oibreoirí. Ní hamháin go gcruthódh suaitheadh sa chreat dlíthiúil damáiste eacnamaíoch láithreach ach chuirfeadh sé timpeallacht ghnó atá éagobhsaí éiginnte in iúl freisin.

- **Oiriúnacht agus simpliú rialála**

Toisc go bhfuil na bearta atá beartaithe i bhfeidhm le beagnach 20 bliain cheana, tá na tairbhithe go maith ar an eolas agus tá a fhios acu conas na coinníollachtaí a fhoráiltear sa Rialachán a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, leis an Rialachán atá beartaithe baintear na míreanna atá tar éis dul i léig, rud a thugann cothrom le dáta é agus lena mbaintear forálacha atá imithe i léig.

- **Cearta bunúsacha**

Le hAirteagal 2.1(d) de Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 beidh mar choinníoll le teidlíocht a bheith acu ar thairbhiú de na fabhair go staonfaidh na tairbhithe ó shárú tromchúiseach córasach ar chearta an duine, lena n-áirítear bunchearta saothair, prionsabail bhunúsacha an daonlathais agus an smacht reachta.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon chostas breise i mbuiséad an Aontais mar gheall ar an Rialachán atá beartaithe. I dtaobh na mblianta 2020 go 2025, ní chaillfear aon ioncam taraife breise maidir le táirgí a tháirgeann na tairbhithe reatha. Ní mheastar gur caillteanas ó ioncam taraife é ioncam barúlach a d’fhéadfaí a shaothrú ó allmhairí nua breise.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

I gcomhthéacs chruinnithe an fhochoiste atá ag tarlú faoi scáth na gComhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais, bíonn faireachán agus tuarascáil ar an úsáid a bhaintear as fabhair dhéthaobhacha ar an gclár oibre go rialta sa phlé déthaobhach le comhpháirtithe na mBalcán Thiar.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Áirítear trí shraith forálacha sa togra, lena mbaineann:

(1) Athrú ar ainm dhá thairbhí chun teacht leis an téarmaíocht is déanaí a comhaontaíodh, eadhon cuirtear "an Mhacadóin Thuaidh" in ionad "Phoblacht iar-Iúgslavach na Macadóine" agus "an Chosaiv*" in ionad "chríoch chustaim na Cosaive", mar a úsáidtear sa Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais leis an Aontas. Ar an mbonn sin, cuirtear "páirtithe" in ionad gach tagairt do "thíortha" nó do "thíortha agus críocha".

(2) Nuashonrú ar Airteagal 3 i gcomhréir leis na leasuithe a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1464 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2017: ó áiríodh na fabhair aontaobhacha le haghaidh na Cosaive sa Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas agus an Chosaiv, a tháinig i bhfeidhm an 1 Aibreán 2016, níl baint ag na fabhair thrádála uathrialacha le haon lamháltas iascaigh ná mairteola a thuilleadh. Ar mhaithe le soiléireacht, dá bhrí sin, tá sé beartaithe aon tagairt don dá chatagóir sin táirgí a bhaint.

(3) Fadú chur i bhfeidhm an Rialacháin go dtí an 31 Nollaig 2025.

2020/0051 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 ón gComhairle lena dtugtar isteach bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach i bpróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh nó atá bainteach leis**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009[1] ón gComhairle foráladh maidir le rochtain neamhtheoranta saor ó dhleacht ar mhargadh an Aontais le haghaidh beagnach gach táirge de thionscnamh na rannpháirtithe sa phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais a mhéad is gá agus go dtí go dtugtar comhaontuithe déthaobhacha leis na páirtithe sin i gcrích.

(2) Faoin am seo tá Comhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais tugtha i gcrích leis na sé pháirtí ar fad, an ceann deireanach, a tháinig i bhfeidhm an 1 Aibreán 2016, idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus an Chosaiv[*], den pháirt eile.

(3) Leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1464[2] ón gCoimisiún chun na fabhair dhéthaobhacha a deonaíodh don Chosaiv a bhaint fad a gcoinnítear an fabhar aontaobhach a dheonaítear do thairbhithe uile na mBalcán Thiar ar bun, fabhar a dheonaítear trí na dleachta ar tháirgí a chumhdaítear i gCaibidlí 7 agus 8 den Ainmníocht Chomhcheangailte agus trína rochtain ar tharaif-chuóta iomlán 30 000 hl ar fhíon a chur ar fionraí.

(4) Ag féachaint do na difríochtaí sin i raon feidhme na léirscaoilte taraife faoi réir na gcóras conarthach a forbraíodh idir an tAontas agus na rannpháirtithe uile sa phróiseas

1 Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena dtugtar isteach bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach i bPróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh nó atá bainteach leis (IO L 328, 15.12.2009, lch. 1).

* Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

2 Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1464 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lamháltais trádála a deonaíodh don Chosaiv* tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus an Chosaiv, den pháirt eile.

Cobhsaíochta agus Comhlachais agus do na fabhair a dheonaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009, moltar ré feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 a fhadú go dtí an 31 Nollaig 2025.

(5) Meastar gurb é fadú na tréimhse ina gcuirfear Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 i bhfeidhm an dóigh is fearr le gealltanas an Aontais i dtaobh lánpháirtiú trádála na mBalcán Thiar a ráthú. Ba cheart go gcuideodh sé le cobhsaíocht choinníollacha rochtana an mhargaidh a áirithiú freisin le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha sa réigiún agus san Aontas araon.

(6) Ina theannta sin, ní mór an t-ainm atá ar dhá thairbhí a athrú chun teacht leis an téarmaíocht is déanaí a comhaontaíodh.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 ón gComhairle a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1215/2009 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘*Airteagal 1*

**Socruithe fabhracha**

1. Beidh cead táirgí de thionscnamh na hAlbáine, na Boisnia agus na Heirseagaivéine, na Cosaive[*], na Macadóine Thuaidh, Mhontainéagró agus na Seirbia, táirgí a chumhdaítear i gCaibidlí 7 agus 8 den Ainmníocht Chomhcheangailte, a allmhairiú isteach san Aontas gan srianta cainníochtúla ná bearta comhéifeachta agus iad díolmhaithe ó dhleachtanna custaim agus muirir chomhéifeachta.

2. Leanfaidh táirgí de thionscnamh na hAlbáine, na Boisnia agus na Heirseagaivéine, na Cosaive, na Macadóine Thuaidh, Mhontainéagró agus na Seirbia de thairbhiú d’fhorálacha an Rialacháin seo i gcás ina léirítear amhlaidh. Ina theannta sin, bainfidh táirgí den sórt sin tairbhe as aon lamháltas dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar lamháltas é atá níos fabhraí ná an lamháltas maidir lena bhfuil foráil déanta faoi chomhaontuithe déthaobhacha idir an tAontas agus na páirtithe sin.’.

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) I mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b), (c) agus (d):

‘(a) an sainmhíniú ar ‘tháirgí tionscnaimh’ dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe 2015/2446 ón gCoimisiún Teideal II, Caibidil 1, Roinn 2, Foranna 4 agus 5, agus i Rialachán Cur Chun Feidhme 2015/2447 Teideal II, Caibidil 2, Roinn 2, Foranna 10 agus 11 a chomhlíonadh;

(b) staonadh na bpáirtithe dá dtagraítear in Airteagal 1 ó dhleachtanna agus muirir nua a mbeadh an éifeacht choibhéiseach acu agus ó shrianta cainníochtúla nó bearta nua a mbeadh an éifeacht choibhéiseach acu i leith allmhairí de thionscnamh an

---

[*] Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

Aontais a thabhairt isteach, agus ó mhéadú a dhéanamh ar leibhéal na ndleachtanna nó na muirear atá ann cheana nó ó aon srian eile a thabhairt isteach ón 30 Meán Fómhair 2000;

(c) rannpháirtíocht na dtairbhithe i gcomhoibriú riaracháin éifeachtach leis an Aontas chun aon riosca calaoise a sheachaint; agus

(d) Staonadh na bpáirtithe dá dtagraítear in Airteagal 1 ó shárú tromchúiseach córasach ar chearta an duine, lena n-áirítear bunchearta saothair, prionsabail bhunúsacha an daonlathais agus an smacht reachta.'.

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'I gcás nach gcomhlíonann páirtí pointe (a), (b) nó (c) de mhír 1 nó mír 2, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an teidlíocht chun sochar atá ag an bpáirtí lena mbaineann faoin Rialachán seo a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8(4).'.

(3) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'Le haghaidh táirgí áirithe fíona, a liostaítear in Iarscríbhinn I, de thionscnamh na dtairbhithe dá dtagraítear in Airteagal 1, cuirfear na dleachtanna custaim is infheidhme maidir le hallmhairiú isteach san Aontas ar fionraí le linn na dtréimhsí, ar na leibhéil, laistigh de theorainneacha tharaif-chuóta an Aontais agus faoi na coinníollacha a léirítear i ndáil le gach táirge agus tionscnamh a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.'.

(b) Scriostar mír 2.

(4) Scriostar Airteagal 4.

(5) In Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Déanfaidh an Coimisiún na taraif-chuótaí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) den Rialachán seo a riar i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme 2015/2447 Teideal II, Caibidil 1, Roinn 1.'

(6) In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

'(b) Na coigeartuithe is gá tar éis fabhair thrádála a dheonú faoi shocruithe eile idir an tAontas agus na páirtithe dá dtagraítear in Airteagal 1;

(c) Teidlíocht an pháirtí lena mbaineann faoin Rialachán seo a chur ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach, i gcás nach gcomhlíonann an páirtí sin na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (d) d'Airteagal 2(1).'.

(7) Leasaítear Airteagal 10(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad abairt tosaigh na chéad fhomhíre:

'I gcás ina gcinneann an Coimisiún go bhfuil dóthain fianaise ann go ndearnadh calaois nó gur mainníodh comhar riaracháin a sholáthar faoi mar a cheanglaítear chun an cruthúnas ar thionscnamh a fhíorú, nó go bhfuil méadú ollmhór ar onnmhairiú isteach san Aontas thar an ngnáthleibhéal táirgthe agus thar an ngnáth-acmhainn onnmhairiúcháin, nó nach bhfuil forálacha phointe (a), (b) ná (c) d'Airteagal 2(1) á gcomhlíonadh ag na comhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 1, féadfaidh sé na socruithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur ar fionraí, go

hiomlán nó go páirteach, ar feadh tréimhse trí mhí, ar choinníoll go mbeidh an méid seo a leanas déanta i dtosach báire aige:’.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c) den chéad fhomhír:

‘(b) iarraidh ar na Ballstáit na bearta réamhchúraim is gá a dhéanamh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus/nó chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na comhpháirtithe leasmhara Airteagal 2(1);

(8) (c) fógra a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* lena gcuirfear in iúl go bhfuil foras le hamhras réasúnach a bheith ann maidir leis na socruithe fabhracha a bheith curtha i bhfeidhm agus/nó le comhlíontacht an pháirtí leasmhair lena mbaineann le hAirteagal 2(1), ar foras é a d’fhéadfadh amhras a chaitheamh ar an gceart atá ag an bpáirtí leasmhar leanúint de thairbhe a bhaint as na buntáistí a dheonaítear leis an Rialachán seo.’.

(9) In Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

‘Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2025.’.

(10) cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*